

Baol agus Bagairt i Saol an Lae Inniu.

Caithfidh mé a rá gur chuir teideal na haiste seo ag smaoineamh mé. Tá a lán fadhbanna ag crá agus ag creimeadh na tíre seo sa lá atá inniu ann. Sciúirse na ndrugaí, ólachán, baol ar na bóithre, cúrsaí sláinte, coiriúlacht - Tá an saol ina chíor thuathail gan amhras/dabht. Féachfaidh mé ar na fadhbanna seo san aiste seo.

Tá fadhb na ndrugaí ag dul in olcas le déanaí/ar na mallaibh, agus táthar ag tuar go rachaidh sé in olcas chomh maith. Tógann daoine drugaí i ngach baile in Éirinn, agus is féidir drugaí a cheannach i ngach dioscó sa tír. Chun an fhírinne a rá is páirt mhór í den saol nua-aimseartha. Déanann scoileanna agus na Gardaí iarracht dul i ngleic leis an fhadhb, ach luíonn réiteach faidhbe leis an duine féin. Níl insint béil ar an dochar a dhéanann drugaí do do shláinte, agus do do shaol i ngenerálta. Tuigim féin sin, ach is mór an trua nach dtuigeann gach duine é.

Scríosann baol an ólacháin teaghlaigh. Is fadhb uafásach í seo atá le feiceáil in Éirinn, b'fhéidir ó thus ama! Bíonn brú millteanach ar dhaoine óga go háirithe bheith ag ól ag aois iontach óg. Ach cad eile atá le déanamh ag an deireadh seachtaine? I gceantair tuaithe, níl rud ar bith eile le déanamh dona déagóirí. Is iomaí

gearán a dhéantar faoin aos óg ag ól, ach i ndeireadh na dála, tá brú trom ar dhaoine óga anois ar scoil agus sa bhaile. Ní nach ionadh gur mhaith leo éalú ó am go ham.

Tarlaíonn timpistí bóthair gach deireadh seachtaine sa tír seo - Bíonn tú i mbaol fiú ag siúl abhaile ar na bóithre! Faigheann daoine bás ar thaobh an bhóthair gach oíche Aoine agus oíche Shathairn. Is éagóireach an ní é. I mo bharúl, tá níos mó Gardaí de dhíth ar na bóithre ag an deireadh seachtaine.

Cuireann sé alltacht orm go mbíonn tú i mbaol fiú sna hospidéal sa tír seo - Tá sé dochreidte! Nuair atá tú san ospidéal, tá tú in ainm is a bheith slán sábháilte. Tráth dá raibh, sin mar a bhíodh. Ach anois tógann daoine galar as bheith ag fanacht in ospidéal, fiú dá raibh siad sláintiúil nuair a shiúil siad isteach ann! Níl sé ceart, cóir, ná cothrom. Is mithid don rialtos rud éigin a dhéanamh faoin fhabhb seo.

Cuireann sé gruaim ort smaoineamh ar na fadhbanna seo, ach caithfidh tú bheith cúramach i saol na linne seo. Caithfidh tú aire a thabhairt duit féin agus do do theaghlach. Ach cad é réiteach na faibhbe? Bhuel, tá níos mó ná réiteach amháin de dhíth. Agus bheadh gaois Sholaimh de dhíth!